# Bua stairiúil ag Daingean Uí Chúis

Eochairfhocail: lucht tacaíochta, corn, comhscór, am breise, críoch dhrámatúil, leatham

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad a rinne lucht tacaíochta Dhaingean Uí Chúis dá bhfoireann peile agus an bus ag teacht isteach go Páirc an Chrócaigh?
2. Cén contae arbh as don fhoireann a bhí ag imirt in aghaidh Dhaingean Uí Chúis sa chluiche ceannais?
3. Cén gaol dá chuid a luann John Diony Ó Conchúir agus é faoi agallamh?
4. Cén tréith a luann Aodh Ó Coileáin atá i bhfoireann peile Dhaingean Uí Chúis ina thuairim siúd?
5. Cad a luaigh Pádraig Ó hIarlaithe maidir leis an méid a tharla do Naomh Bríd trí bliana ó shin?
6. Cé mhéad mac de chuid Christina Uí Chonchúir a bhí ag imirt do Dhaingean Uí Chúis?
7. Cén scór a bhí ann ag leatham?
8. Conas a chríochnaigh an cluiche tar éis seasca nóiméad imeartha?
9. Cad a dúirt Seán Ó Súilleabháin a tharlódh i nDaingean Uí Chúis an tseachtain seo chugainn?
10. Cad is ainm don chorn a bhronntar ar sheaimpíní chraobh peile sinsear na gclub gach bliain?




# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: léamhthuiscint

**Ag obair le do pháirtí ranga, léigí an sliocht seo thíosle chéile agus déanaigí na ceisteanna a fhreagairt ó bhéal**

Bunaíodh club peile Chumann Lúthchleas Gael i nDaingean Uí Chúis den chéad uair siar sa bhliain 1891. Ón tús b'iad dearg agus bán dathanna Dhaingean Uí Chúis. Go deimhin, chaith foireann peile Chiarraí dathanna Dhaingean Uí Chúis i gcluiche ceannais na hÉireann sa bhliain 1939 mar b'iad a bhuaigh craobh Chiarraí den chéad uair an bhliain roimhe. B'shin tús ré órga don chlub mar bhuaigh siad cúig chraobh chontae eile i ndaichidí na haoise seo caite. Cuireadh leis an gclub sa bhliain 1967 nuair a rinne Daingean Uí Chúis cónascadh le dhá chlub áitiúla eile sa cheantar agus leis sin cruthaíodh club reatha Dhaingean Uí Chúis, club a bhfuil an oiread sin ratha air le bliain anuas.


Bliain den chéad scoth a bhí ag an gclub le bliain anuas. Cuimhneofar ar shéasúr 2025/26 go deo i nDaingean Uí Chúis. Le linn an tséasúir sin d'éirigh le foireann peile sinsear an chlub craobh Chiarraí, craobh na Mumhan agus craobh na hÉireann a bhuachaint, éacht nach ndearnadh cheana i stair an chlub. Bhí bua thar a bheith drámatúil acu in aghaidh Naomh Bríd ó Ros Comáin tar éis am breise i bPáirc an Chrócaigh ar an seachtú lá déag d'Eanáir dhá mhíle is a fiche sé. Bhí roinnt mhaith tráchtairí peile ag maíomh tar éis an chluiche gurbh é an cluiche ceannais peile ab fhearr riamh. Ba bheag a bhí idir na foirne ó thús go deireadh agus bhí ardchaighdeán peile á himirt ag an dá fhoireann i gcaitheamh an chluiche ar fad. Ar deireadh, d'éirigh le Daingean Uí Chúis an bua a bheith leo agus nuair a shéid an réiteoir an fheadóg dheiridh cuireadh tús le ceiliúradh a mhairfeadh go ceann i bhfad.



**Ceisteanna:**

1.Cén contae ina bhfuil Daingean Uí Chúis?
2.Cad iad na dathanna a bhíonn ar gheansaithe Dhaingean Uí Chúis?
3.Cé mhéad craobh Chiarraí a bhuaigh Daingean Uí Chúis i ndaichidí na haoise seo caite?
4.Cén rud suntasach a tharla sa chlub sa bhliain 1967?
5.An bhfuil ag éirí go maith le cúrsaí peile sa chlub le bliain anuas?
6.Ainmnigh na coirn éagsúla atá buaite ag buachaillí Dhaingean Uí Chúis le bliain anuas?
7.Cén aidiacht a úsáidtear sa sliocht le cur síos a dhéanamh ar an mbua a bhí ag Daingean Uí Chúis i gcluiche ceannais na hÉireann?
8.Cár imríodh an cluiche idir Daingean Uí Chúis agus Naomh Bríd?
9.Cé mhéad uair cheana a bhuaigh Daingean Uí Chúis craobh peile na hÉireann?
10. Cad a dúirt a lán tráchtairí peile tar éis an chluiche?
11. Cathain a thiocfaidh deireadh leis an gceiliúradh i nDaingean Uí Chúis agus craobh na hÉireann buaite acu?
12. An gceapann sibh gur spórt maith í an pheil Ghaelach? Cén fáth?





# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Is imreoir de chuid Dhaingean Uí Chúis tú agus tá tú ar an mbus ar an mbealach abhaile go Ciarraí. Déan cur síos ar an gceiliúradh atá ar siúl ar an mbus. Is leor 100 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- atmaisfeár beomhar
- in ardghiúmar
- an gabhar á róstadh
- ag canadh in ard ár gcinn is ár ngutha
- gliondar croí ar gach éinne
- an corn thuas ag barr an bhus
- grianghraif á nglacadh
- sceitimíní áthais



Freagraí

1. Garda onóra
2. Ros Comáin
3. Sprid iontach
5. Chaill siad cluiche ceannais peile na hÉireann
6. Triúr
7. Naomh Bríd 0-9 Daingean Uí Chúis 0-7
8. Comhscór a bhí ann
9. Ceiliúradh mór
10. Corn Andy Merrigan

1. Ciarraí
2. Dearg agus bán
3. 5
4. Rinneadh cónascadh le dhá chlub áitiúla eile
5. Tá, bliain den scoth acu
6. Craobh Chiarraí, craobh na Mumhan agus craobh na hÉireann
7. Drámatúil
8. Páirc an Chrócaigh
9. Níor bhuaigh siad cheana é
10. An cluiche ceannais peile ab fhearr riamh
11. Beidh siad ag ceiliúradh go ceann i bhfad eile